Cor Poist ón nGaelAonad Iar-bhunscoile do Bhealtaine 2025

A Chomh-mhúinteoir, a chara,

Tá súil againn go bhfuil cúrsaí go maith libh agus sinn ag druidim i dtreo dheireadh na scoilbhliana seo. Seo chugaibh cor poist na míosa seo ón nGaelAonad Iar-bhunscoile. Guímid gach rath oraibh don mhí atá romhainn, agus go deimhin do laethanta saoire an tSamhraidh.

Ó Fhoireann Iar-bhunscoile an GhaelAonaid

Acmhainní chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge ar fáil ar shuíomh Oide.ie

Tá neart acmhainní le roinnt againn libh chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge atá ar fáil ar shuíomh Oide.ie faoi láthair. Tá na sleamhnáin ón dá chur i láthair a rinneadh ar Ábhar Dualgais don Ardteistiméireacht, *Bláthú Teanga 1 & 2* ar fáil ag an nasc seo, chomh maith le go leor acmhainní úsáideacha eile. Tá fáil ar na sleamhnáin agus na hacmhainní ó na laethanta EFG a bhí ar siúl i mbliana do scoileanna T1 anseo agus T2 anseo, agus tá gach cor poist ó thús na scoilbhliana seo le fáil anseo. Tá teacht ar an suíomh anseo.



Spléachadh ar acmhainn atá ar fáil ar an suíomh Oide.ie chun tacú le múineadh na Gaeilge

Tá acmhainn ar fáil ar shuíomh Oide atá thar a bheith úsáideach chun scileanna scríbhneoireachta na scoláirí a fhorbairt. Tá rúibric shamplach cruthaithe ag Oide chun tacú le scoláirí agus iad i mbun pinn. Bheadh an acmhainn seo ábhartha do scoláirí ó Bhliain 1-6, agus is féidir leis an múinteoir é a leasú. Tá an acmhainn seo le fáil ag an nasc seo.

Suirbhé do Mhúinteoirí Gaeilge á reáchtáil ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Tá suirbhé á reáchtáil ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath faoi láthair dar teideal 'Staidéar agus athbhreithniú leantach ar chur i bhfeidhm Shonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí T1 agus T2.'

Ag leanúint ón Athbhreithniú luath ar chur i bhfeidhm na Sonraíochtaí Gaeilge (T1 & T2) don tSraith Shóisearach (Mac Gearailt & Ó Duibhir, 2023), tá sé mar aidhm ag an taighde seo, staidéar agus athbhreithniú leantach a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí uasdátaithe a foilsíodh i mí Mheán Fómhair, 2023. Tá an taighde seo coimisiúnaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Tugtar cuireadh do mhúinteoirí Gaeilge páirt a ghlacadh i suirbhé anaithnid. Tá sé mar aidhm ag an suirbhé eolas a bhailiú faoin taithí atá ag múinteoirí ar chur i bhfeidhm na sonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 agus faoi na tuairimí atá acu ina leith. Cabhróidh an t-eolas seo linn foghlaim faoi chur i bhfeidhm na sonraíochtaí agus tacaíochtaí agus dúshláin a aithint. Foilseofar na torthaí i dtuarascáil CNCM agus in ailt acadúla.

Tá tuilleadh eolais faoin suirbhé le fáil anseo.

Dúnfar an suirbhé ag a 5 i.n. ar an 16 Bealtaine 2025.

Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí - Nóta faisnéise do scoileanna

Is é seo an deichiú heagrán i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Cuireann na nótaí seo nuashonruithe ar fáil do phobail scoileanna ar fheidhmiú céimneach an chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá an nóta seo eisithe ag an Roinn chuig gach iar-bhunscoil agus iarrtar é a scaipeadh ar scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne i ngach scoil. Tá an nóta is déanaí le fáil anseo.

Tionscadal FCÁT don Ghaeilge

Cur chuige oideachasúil défhócasaithe í FCÁT ina n-úsáidtear ábhar eile chun teanga agus ábhar a fhoghlaim agus a mhúineadh.Freastalaíonn cur chuige FCÁT ar ghnéithe den churaclam a sholáthar trí theanga eile seachas gnáthmheán teagaisc na scoile.

Tá breis eolas agus acmhainní do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fáil ar shuíomh Oide - www.oide.ie/irish-medium/baile/fcat/

Is é **Aoine 16 Bealtaine 2025** an spriocdháta do léirithe spéis le beidh páirteach san tionscadal sa scoilbhliain 2025/26 **(d'iarbhunscoileanna)**.

Is é **Aoine 13 Meitheamh 2025** an spriocdháta do léirithe spéis le beidh páirteach san tionscadal sa scoilbhliain 2025/26 **(do bhunscoileanna)**.

Cúrsaí Samhraidh na nIonad Oideachais



Cuireann Ionad Oideachais sna réigiúin éagsúla cúrsaí oiliúna do mhúinteoirí ar fáil gach aon samhradh agus beidh siad á dtairiscint arís i mbliana. Más maith leat tuilleadh eolas a aimsiú ina dtaobh, tá nasc anseo chuig suíomh náisiúnta na n-ionad oideachais.

Dáta don Dialann



Tá áthas ar Fhoireann na hIar-bhunscoile a fhógairt go mbeidh Tionól Teagaisc 2025/2026 ar siúl **Dé Sathairn, 8 Samhain, 2025 in Óstán Killeshin i bPort Laoise.** Beidh tuilleadh eolais le teacht.

Ádh mór ar na Scoláirí!

Go n-éirí go geal le scoláirí Gaeilge na tíre a bheidh ag tabhairt faoi na Scrúduithe Stát i gceann cúpla seachtain.

Míle buíochas

Gabhann baill uile Fhoireann na Gaeilge buíochas leat as ucht do chuid dúthrachta agus rannpháirtíochta le linn na scoilbhliana seo. Tréaslaímid leat ó chroí agus guímid gach rath agus sonas ort, agus ar scoláirí do chuidse a bheidh ag tabhairt faoi mheasúnuithe na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta.

Go mbainfidh tú idir thaitneamh agus tairbhe as an samhradh.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.

Ní neart go cur le chéile.